Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9003/26**

**EDUC 146**
**DIGIT 129**
**SOC 240**
**COMPET 536**
**TELECOM 216**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí i ré na hintleachta saorga (IS) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Bealtaine 2026.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí i ré na hintleachta saorga (IS)**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

**MEABHRAÍONN SÍ** cúlra polaitiúil an Limistéir Eorpaigh Oideachais, gur baineadh amach go hiomlán é agus go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí, atá i gcroílár córas oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, dírithe ar an todhchaí agus oiriúnach don ré dhigiteach;

**TARRAINGÍONN SÍ AIRD** ar an gceannasacht dhigiteach agus an uathriail straitéiseach atá bunriachtanach don Eoraip, agus tugann sí dá haire go bhfuil sé ríthábhachtach spleáchais a bhaineann le huirlisí agus teicneolaíochtaí intleachta saorga (IS) a fhorbraítear lasmuigh den Eoraip a laghdú, lena n-áirítear san oideachas agus san oiliúint.

**AITHNÍONN SÍ** an méid a leanas:

1. tá ról lárnach ag IS in iomaíochas agus i bhfás inbhuanaithe na hEorpa;

2. tá athmhúnlú á dhéanamh ag an aistriú digiteach leanúnach — agus go háirithe ag forbairt agus cur in úsáid tapa na hintleachta saorga — ar an saol laethúil ar fud an Aontais, rud a chruthaíonn réaltachtaí nua do chórais oideachais agus oiliúna;

3. D'fhéadfadh IS tionchar a imirt ar an gcaoi a n-eagraítear an fhoghlaim, ar an gcaoi a ndéanann múinteoirí teagasc a dhearadh, a sheachadadh agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi a ndéanann foghlaimeoirí rochtain ar fhaisnéis agus í a léirmhíniú, agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí an caidreamh idir múinteoirí agus foghlaimeoirí a athrú ó bhonn; d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh freisin don chaoi a mbainistíonn scoileanna cúraimí riaracháin;

4. chun IS a chomhtháthú san oideachas agus san oiliúint, ní mór cur leis na scileanna agus na hinniúlachtaí digiteacha atá ann cheana agus lena bhforbairt leanúnach, chomh maith le creataí treorach agus tacaíochta chun é a chur ar a gcumas do mhúinteoirí, foghlaimeoirí agus córais oideachais agus oiliúna a bheith oilte go leormhaith don chlaochlú digiteach;

5. D'fhéadfadh na hathruithe sin difear a dhéanamh do róil múinteoirí, do chleachtais oideolaíocha, do na hionchais a chuirtear ar mhúinteoirí, agus d'eagrú níos leithne shaol na scoile.

**CUIREANN SÍ I dTREIS**, chun críocha na gconclúidí seo, go gcuimsítear leis an téarma 'múinteoirí' múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí scoile agus baill foirne oideolaíocha eile a bhfuil lámh acu i bhfoghlaimeoirí a theagasc ar leibhéil réamh-bhunscoile, bunscoile, meánscoile íochtaraí agus uachtaraí de chórais oideachais fhoirmiúil agus oiliúna foirmiúla, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar an mbunleibhéal agus ar an dara leibhéal, agus go dtuigfear é i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, leis an dlí réigiúnach agus le struchtúr gach córais oideachais agus oiliúna.

**TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS** go bhfuil sé d'acmhainn ag IS feabhas a chur ar an méid seo a leanas:

6. an fhoghlaim ghníomhach chomhoibríoch agus an rannpháirtíocht chruthaitheach;

7. an cuimsiú, trí acmhainní oideachais a sholáthar do dhaoine óga faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;

8. an inrochtaineacht d'fhoghlaimeoirí i gceantair thuaithe agus iargúlta agus ó chúlraí tearcionadaithe agus imeallaithe;

9. rannpháirtíocht foghlaimeoirí ó chúlraí teanga éagsúla san fhoghlaim, agus ar an gcaoi sin éagsúlacht chultúrtha agus teanga a fheabhsú;

10. an oideolaíocht trí chineálacha éagsúla cur chuige, lena n-áirítear foghlaim phraiticiúil agus foghlaim ó thaithí;

11. an pearsantú chun aghaidh a thabhairt ar phróifílí foghlama éagsúla, lena n-áirítear treoracha pearsantaithe agus aiseolas láithreach, agus ar an gcaoi sin tacú le sealbhú eolais agus scileanna;

12. measúnú a dhéanamh ar chleachtais lena ndírítear ar riachtanais aonair agus ar dhul chun cinn foghlaimeoirí, lena gcumasaítear bearnaí a aithint agus aiseolas foirmitheach a thabhairt ag céim luath agus lena gcoisctear rioscaí díscoir nó luathfhágála;

13. an éifeachtúlacht riaracháin, lena gceadaítear níos mó ama a thabhairt don phróiseas teagaisc agus foghlama;

**TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhféadfadh ábhair imní a bheith ag baint le IS maidir leis an méid seo a leanas:

14. cumas gníomhaithe agus formhaoirseacht dhaonna, go háirithe ós rud é go bhféadfadh IS an bonn a bhaint de neamhspleáchas múinteoirí agus foghlaimeoirí;

15. spleáchas teicneolaíoch ar uirlisí IS, go háirithe an IS giniúnach, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de réir a chéile den smaointeoireacht chriticiúil, chomh maith leis na cumais chognaíocha agus mheiteachognaíocha is gá don fhoghlaim, agus ag an am céanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'inspreagadh foghlaimeoirí, do dhearcthaí ar luach an oideachais agus dá dtiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil;

16. scáileán agus uirlisí atá cumasaithe ag IS a bheith á n-úsáid go hiomarcach agus gan chuspóir ag foghlaimeoirí óga, rud a d'fhéadfadh iad a mhearú agus, i gcásanna áirithe, bac a chur ar an dianmhachnamh agus ar an sealbhú scileanna;

17. cuntasacht an duine, a bhféadfaí an bonn a bhaint di mar gheall ar róspleáchas ar uirlisí IS, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mífhaisnéis, bradaíl nó saincheisteanna cóipchirt;

18. claontachtaí atá leabaithe in IS nó a mhéadaítear le IS, go háirithe mura gcuirtear sainiúlachtaí comhthéacsúla eile san áireamh, rud a bhféadfadh idirdhealú, neamhionannas agus eisiamh a bheith mar thoradh air;

19. an cháilíocht, an tsláine, an chosaint agus an trédhearcacht i gcás sonraí, go háirithe i bhfianaise gur gá muinín, cothroime, príobháideachas agus cuntasacht a chaomhnú;

20. an baol go leathnófaí deighiltí digiteacha, go háirithe le rochtain mhíchothrom ar uirlisí agus bonneagar IS agus dearadh neamhleor uirlisí agus bonneagair IS, chomh maith le héagothromaíochtaí i scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, rud a d'fhéadfadh neamhionannais na bhfoghlaimeoirí a ghéarú;

21. an fholláine shochaíoch, mheabhrach agus chomhshaoil, go háirithe i bhfianaise an riosca go bhféadfadh imscaradh IS tionchar a bheith aige ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar phróisis chognaíocha, agus an ghéarchéim chomhshaoil agus aeráide a ghéarú a thuilleadh.

**CUIREANN SÍ BÉIM ar an méid a leanas:**

22. an gá atá le cur chuige cothrom, fianaisebhunaithe, fiúntach agus bunaithe ar luachanna i leith IS san oideachas agus san oiliúint, lena dtapaítear deiseanna agus lena sainaithnítear, lena gcoisctear agus lena maolaítear riosca go réamhghníomhach ag an am céanna;

23. a thábhachtaí atá sé idirdhealú a dhéanamh idir uirlisí IS ilchuspóireacha a úsáidtear i gcleachtais oideachais agus i réitigh teicneolaíochta oideachais intleachta saorga a bhfuil prionsabail oideolaíocha mar bhonn taca leo agus atá deartha chun torthaí oideachais a fheabhsú, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe a shainítear faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga;

24. go bhfuil gné dhaonna an teagaisc agus na foghlama, atá bunaithe ar úsáid eiticiúil, shábháilte agus fhreagrach IS, fós lárnach, in éineacht le mórathruithe teicneolaíochta;

25. gur príomhghníomhaithe san iarracht sin iad múinteoirí agus gur féidir leo cabhrú le córais oideachais agus oiliúna tairbhe a bhaint as an nuálaíocht agus, ag an am céanna, leanúint de cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath a chur chun cinn do chách, rudaí atá lárnach i gcónaí agus muid ag bogadh i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

**CUIREANN SÍ** an méid a leanas **IN IÚL**:

26. tá ról cinntitheach ag múinteoirí sa phróiseas foghlama, agus maidir le múnlú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugtar isteach, a léirmhínítear agus a n-úsáidtear IS;

27. ba cheart cinntí oideachais maidir le húsáid IS a bheith bunaithe fós ar chuspóir oideolaíoch;

28. Ní mór d’uirlisí IS tacú le múinteoirí — seachas iad a ionadú nó a aonrú — agus tá an breithiúnas gairmiúil, an neamhspleáchas oideolaíoch agus an fhreagracht riachtanach le haghaidh oideachas agus oiliúint a bheidh ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus duinelárnach.

**DEARBHAÍONN SÍ** gur bunriachtanach agus athraitheach an ról atá ag múinteoirí maidir leis an méid seo a leanas:

29. na deiseanna a chuirtear ar fáil le IS a thapú, agus muinín agus idirghníomhaíochtaí fóinteacha idir múinteoirí agus foghlaimeoirí sa seomra ranga á gcosaint ag an am céanna, chomh maith le riachtanais forbartha agus shochmhothúchánacha na bhfoghlaimeoirí, trí threoir agus maoirseacht atá oiriúnach ó thaobh aoise de a áirithiú;

30. an fhoghlaim a éascú le huirlisí IS, agus cuir chuige teagaisc chruthaitheacha, nuálacha agus phearsantaithe á n-úsáid, i gcás ina dtugtar breisluach oideolaíoch leis;

31. measúnú criticiúil a dhéanamh ar aschuir IS, teorainneacha agus claontachtaí féideartha na gcóras IS a mhíniú agus tacú le foghlaimeoirí meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis arna giniúint ag IS;

32. an tsaoránacht dhigiteach a neartú trí threoir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí maidir le húsáid fhreagrach, eiticiúil agus chriticiúil IS, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht dhaonlathach eolasach agus ghníomhach a fheabhsú;

33. cuidiú le foghlaimeoirí measúnú a dhéanamh ar impleachtaí comhshaoil, sochaíocha agus eiticiúla uirlisí IS, chun tacú le todhchaí ghlas, chóir agus athléimneach;

34. rannchuidiú, i gcás inarb iomchuí, le comhdhearadh, roghnú, meastóireacht agus oiriúnú comhthéacsúil na n-uirlisí IS a úsáidtear san oideachas agus san oiliúint.

Agus dá bhrí sin, **TATHANTAÍONN SÍ** gur cheart cur chuige i leith IS san oideachas agus san oiliúint a threorú le prionsabail an daonnachais dhigitigh, lena n-áiritheofar go bhfreastalóidh an teicneolaíocht ar dhaoine, go dtacóidh sí le cumas gníomhaithe an duine, agus go neartóidh sí luachanna daonlathacha.

**AITHNÍONN SÍ** an méid seo a leanas:

35. tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i múinteoirí lena áirithiú go rannchuideoidh IS go dearfach leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim;

36. chun múinteoirí a chumhachtú chun leas a bhaint as deiseanna IS agus dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann leis, tá gá leis an méid seo a leanas:

    a) litearthacht IS, lena n-áirítear eolas ar uirlisí agus teicneolaíochtaí IS, agus scileanna agus inniúlachtaí ina leith, chomh maith le smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin;

    b) treoir, fothú acmhainneachta agus forbairt ghairmiúil ardcháilíochta;

    c) tuiscint shoiléir ar na dúshláin a bhaineann le ceannasacht sonraí i gcás úsáid uirlisí IS san oideachas agus san oiliúint;

    d) creat beartais cuimsitheach lena dtacaítear le huirlisí agus teicneolaíochtaí iontaofa IS a chur in úsáid go sábháilte san oideachas agus san oiliúint agus lena gcosnaítear neamhspleáchas oideolaíoch agus cinnteoireacht ghairmiúil;

    e) dálaí oibre tacúla, lena n-áirítear cúnamh ó theicneolaithe oideachais, agus an bonneagar digiteach is gá lena chur ar chumas múinteoirí ó gach cúlra, ó gach leibhéal ullmhachta digití agus ó gach aois dul in oiriúint don athrú teicneolaíoch agus a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú go freagrach agus go muiníneach;

37. tá gá le cuir chuige ar leibhéal an chórais agus ar fud na scoile, ina mbeidh na príomhghníomhaithe uile rannpháirteach, lena n-áirítear tuismitheoirí agus teaghlaigh, chun comhtháthú comhleanúnach, inbhuanaithe agus cothrom IS san oideachas agus san oiliúint a áirithiú, lena gcuirfear cosc ar ualaí míchuí ar mhúinteoirí aonair.

**TARRAINGÍONN SÍ AIRD** ar an méid a leanas:

38. a thábhachtaí atá an comhar idirdhisciplíneach ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirithítear nach bhfágfar aon institiúid oideachais agus oiliúna ar lár;

39. an gá atá le huathriail straitéiseach an Aontais i dteicneolaíochtaí oideachais a neartú trí fhorbairt uirlisí agus réiteach IS atá bunaithe san Aontas a chothú, i gcomhréir le luachanna agus leasanna an Aontais.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid a leanas a dhéanamh:

40. Tacú le múinteoirí cur leis na scileanna agus na hinniúlachtaí digiteacha atá ann cheana chun uirlisí agus teicneolaíochtaí IS a úsáid agus a theagasc go héifeachtach, agus chun na tairbhí agus na rioscaí gaolmhara a thuiscint.

41. Tacú le huirlisí IS a thabhairt isteach agus a úsáid, i gcás ina gcuireann siad luach oideolaíoch ar fáil, ar bhealach lena gcomhlánaítear agus lena neartaítear gné dhaonna an teagaisc agus nach dtagann in ionad róil oideolaíocha nó chaidrimh na múinteoirí le foghlaimeoirí.

42. Soláthar uirlisí IS atá iontaofa, eiticiúil, duinelárnach, taighde-bhunaithe agus inmhínithe a spreagadh, agus iad deartha go sonrach do chomhthéacsanna oideachais a oireann d'aoiseanna foghlaimeoirí agus don chuspóir oideachais atá beartaithe.

43. I gcás inarb ábhartha, é a chur ar chumas múinteoirí uirlisí IS a chomhtháthú i bpróisis teagaisc agus foghlama go criticiúil, go freagrach, go heiticiúil agus go muiníneach, agus neamhspleáchas oideolaíoch, breithiúnas gairmiúil agus folláine na bhfoghlaimeoirí á gcosaint ag an am céanna.

44. Comhtháthú litearthacht IS a spreagadh, i gcás inarb infheidhme, in oideachas tosaigh múinteoirí, in ionduchtú agus i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

45. Ról a thabhairt do mhúinteoirí i dtionscnaimh IS a chruthú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus taighde lena scrúdaítear tionchar IS ar róil múinteoirí, agus ar thorthaí foghlama a spreagadh.

46. Cuir chuige eiticiúla shábháilte iontaofa i leith IS a chur chun cinn san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí threoir maidir le cosaint sonraí, feasacht ar rioscaí, cuntasacht agus coimircí atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

47. Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothromais agus inrochtaineachta, lena n-áirítear an inrochtaineacht teanga agus éagothromaíochtaí réigiúnacha, trí rochtain chothrom ar uirlisí IS, ar bhonneagar digiteach agus ar acmhainní digiteacha ardcháilíochta a chur chun cinn do gach múinteoir agus foghlaimeoir.

48. Acmhainneacht IS a fhiosrú agus leas a bhaint aisti chun tacú le cuir chuige chuimsitheacha phearsantaithe atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, lena n-áirítear sa ghairmoideachas agus san fhoghlaim obairbhunaithe.

49. Aird chuí a thabhairt ar thionchar IS ar ualach oibre múinteoirí, ar a gcleachtais mheasúnaithe agus ar a gcúraimí riaracháin, d'fhonn cearta múinteoirí a áirithiú trí dhálaí oibre inbhuanaithe tacúla.

50. Tacú le folláine múinteoirí, agus é á áirithiú go rannchuidíonn IS le feabhas a chur ar phróisis teagaisc agus foghlama gan brú míchuí a chur orthu.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH**, faoi chuimsiú a réimse inniúlachta agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

51. Leanúint den chomhar le Comhairle na hEorpa, UNESCO agus ECFE agus sineirgí leo a fhorbairt a thuilleadh; tuilleadh oibre a dhéanamh le ECFE chun an Creat um Litearthacht IS sa Bhunoideachas agus sa Mheánoideachas a thabhairt chun críche.

52. Tacú le cur chuige comhleanúnach straitéiseach maidir le IS san oideachas agus san oiliúint ar an leibhéal Eorpach lena ndírítear ar scileanna digiteacha, litearthacht IS, tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus do smaointeoireacht chriticiúil agus lena gcuirtear borradh faoin athléimneacht dhaonlathach, lena n-áirítear an cumas measúnú a dhéanamh ar chlaontacht, ar bhréagaisnéis agus ar na rioscaí a bhaineann leis an gcibearbhulaíocht, agus ag an am céanna, obair a dhéanamh chun Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha a chur i gcrích.

53. Forbairt agus comhroinnt fianaise, taighde, dea-chleachtais agus malartú beartais a éascú maidir le cuir chuige dhuinelárnacha i leith IS san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear tríd an Mol Eorpach maidir leis an Oideachas Digiteach.

54. Leanúint de bheith ag obair ar threoir agus ar acmhainní praiticiúla agus iad a scaipeadh chun tacú le húsáid eiticiúil fhreagrach shábháilte thrédhearcach uirlisí IS san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear trí chur chun cinn a dhéanamh ar na Treoirlínte a tugadh cothrom le dáta le déanaí, mar ata, *Treoirlínte do mhúinteoirí agus oideoirí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus oiliúint*.

55. Leanúint ar aghaidh leis an nuashonrú ar an gcreat Eorpach maidir le hinniúlacht dhigiteach oideoirí (DigCompEdu) chun forbairt thapa agus úsáid mhéadaitheach na hintleachta saorga a chur san áireamh, lena n-áiritheofar go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na meonta is gá ag oideoirí chun uirlisí agus cleachtais atá bunaithe ar an intleacht shaorga a chomhtháthú go héifeachtach, go criticiúil agus go freagrach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

56. Comhleanúnachas a áirithiú ar fud thionscnaimh an Aontais a bhaineann le IS, leis an oideachas agus leis an oiliúint, agus leis an gclaochlú digiteach.

57. Tacú leis na Ballstáit creataí agus treoir a chur ar fáil maidir le freagrachtaí dlíthiúla agus cosanta sonraí, lena n-áirítear cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga san oideachas agus san oiliúint.

58. Rannpháirtíocht múinteoirí a chur chun cinn maidir le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhaineann le IS san oideachas agus san oiliúint a dhearadh agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN**, faoi chuimsiú a réimsí inniúlachta féin, an méid a leanas a dhéanamh:

59. Leanúint de chláir iomchuí fothaithe acmhainneachta a fhorbairt chun múinteoirí a ullmhú le bheith ag obair i dtimpeallachtaí ina bhfuil IS le sonrú go méadaitheach.

60. Obair a dhéanamh chun múinteoirí a threorú agus a chosaint agus uirlisí intleachta saorga á n-úsáid sa seomra ranga, trí thacaíocht ar leibhéal an chórais.

61. Gníomhaíochtaí piarfhoghlama agus malartú dea-chleachtas a spreagadh, lena n-áirítear ar an leibhéal Eorpach, maidir le húsáidí IS atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an oideolaíocht.

62. Comhleanúnachas a áirithiú leis an gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais, lena n-áirítear an fócas ar cháilíocht, cothromas, cuimsiú agus rath do chách.

63. Tairbhe a bhaint as na hacmhainní a chuireann an tSaotharlann Foghlama um Infheistiú in Oideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán ar fáil chun tacú le húsáid éifeachtach shábháilte chuimsitheach IS ag múinteoirí, agus a áirithiú ag an am céanna go leanfaidh an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí na Saotharlainne Foghlama de bheith deonach.

64. Leanúint de thuiscint múinteoirí ar IS a chothú trí acmhainní tiomnaithe foghlama gairmiúla, pobail chleachtais agus tionscadail chomhoibríocha a chur chun cinn maidir le húsáid oideolaíoch, eiticiúil agus phraiticiúil IS, lena n-áirítear tríd an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile, tríd an bpobal r-Nasctha agus tríd an uirlis SELFIE do MHÚINTEOIRÍ, de réir mar is gá.

65. Taighde, turgnamhaíocht agus tiomsú fianaise maidir le húsáid IS san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn agus tacú leis an méid sin, chomh maith le meastóireacht ar IS agus a bharrfheabhsú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chun bonn eolais a chur faoi bheartais agus faoin gcleachtas oideolaíoch.

66. An tsaoránacht dhigiteach a chur chun cinn a thuilleadh agus tacú le rannpháirtíocht sa tsaoránacht trí theicneolaíochtaí IS.